Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**5523/21**

**SOC 33**
**EMPL 24**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú<br>Ceapachán Ina HINZER, ina comhalta malartach don Ghearmáin, in ionad Alexander GÖRNE-ZAGEL, atá éirithe as |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas go bhfuil Alexander GÖRNE-ZAGEL éirithe as mar chomhalta malartach ar Bhord Bainistíochta an Fhorais thuasluaite i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don Ghearmáin).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na Gearmáine don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2023:

Ina HINZER
Bundesministerium für Arbeit und Soziales
Referat VIa 1
Wilhelmstraße 49
DE-11017 BERLIN
Teil.: + 49 (0)30 18 527-2340
r-phost : ina.hinzer@bmas.bund.de

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, más ea, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, lena n-ionadaítear comhalta malartach ar Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú, a ghlacadh mar mhír "A", agus

(b) go bhfoilseofar an Cinneadh seo mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena n-ionadaítear comhalta malartach ar

Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound)[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na Cinntí uaithi an 9 Aibreán 2019[2], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha ar Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú don tréimhse ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2023.

(2) Tá folúntas mar chomhalta malartach i gcatagóir ionadaithe na rialtas ar fáil anois ó tharla gur éirigh Alexander GÖRNE-ZAGEL as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Gearmáine don fholúntas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 IO L 30, 31.1.2019, lch. 74.
2 IO C 135, 11.4.2019, lch. 1.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Ina HINZER ina comhalta malartach ar Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú in ionad Alexander GÖRNE-ZAGEL, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán